

Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide

Ealaíontóir: Patrick Scott
Teideal: Lochán na Loiteog (1988)
Meán: taipéis V'soske

Rugadh: Cill Bhriotáin, Co. Chorcaí, 1921; fuair bás i 2014 i mBaile Átha Cliath

Bhí sé amach sna blianta nuair a thosaigh Scott ar an ealaín go lánaimseartha sa bhliain 1960, tar éis dó post ina chomhpháirtí a ghnóthú roimhe sin sa chuideachta iomráiteach ailtireachta, Scott Tallon Walker (STW). Bhí céim san ailtireacht aige as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. D'oibrigh sé freisin ina dhearthóir teicstíle do Brown Thomas i mBaile Átha Cliath, Tabard Frères et Soeurs, Aubusson na Fraince agus d'fhíodóirí bhaile beag Oaxaca i Meicsiceo; ina dhearthóir grafaice do Chóras Iompair Éireann; agus ina dhearthóir cairpéad do Cheardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh.

Thosaigh Scott i mbun taispeántais sa bhliain 1941 leis an White Stag Group, agus is ina ndánlann sin a bhí an chéad seó aonair dá chuid sa bhliain 1946. D'fhág sé STW sa bhliain 1960, an bhliain chéanna a raibh saothar dá chuid ag an Biennale sa Veinéis ar son na hÉireann. D'oibrigh sé i gcomhar le fíodóir mór le rá de chuid na Fraince, Francois Tabard, idir na blianta 1966 agus 1979. I rith an ama sin a rinne sé ceann dá chuid sárshaothar, Blaze, sa bhliain 1972. Bhí saothar dá chuid ar taispeáint aige sa bhliain 1980 ag Rosc, agus eagraíodh taispeántas mór súil siar ar a shaothar sa Douglas Hyde Gallery an bhliain dár gcionn.

Íol suntais ealaín Scott mar gheall ar a laghad de obair struchtúir a fhágtar ina shaothar agus loime a chuid ábhair cé gur ar áilleacht é. Tá tréithe an mhachnaimh agus an zen ag rith lena shaothar ar fad. An ciorcal agus an chearnóg na bunchruthanna is coitianta aige. Sa bhliain 1964, thosaigh Scott ar órdhuille a úsáid agus ar phallaidiam chomh maith. 'In ealaín an Iarthair agus san ealaín Bhiosántach, ceaptar úsáid an óir le gnéithe den Chríostaíocht... Ach trí aestéitic níos bogchúisí de chuid an Oirthir a thapú, a bhaineann go sonrach le scáthláin na Seapáine agus le dearthóireacht réimsí intí, bhain Scott go simplí agus go héifeachtúil ó aon deacracht a thiocfadh chun cinn ó thaobh céille agus léirmhíniúcháin,' a scríobh Aidan Dunne in aiste sa chatalóg le taispeántas Scott sa Fenton Gallery sa bhliain 2005.

I rith na 1960idí a thug Scott chun cinn an stíl shainiúil leath-theibí atá aige ina chuid

Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide

pictiúir de réimsí portaigh agus sa tsraith Device, ina raibh an canbhás neamhullmhaithe á "shalú" le péint aige nó an phéint á ligean ina braonacha anuas air. Thug sé níos mó cruthanna céimseatan nó ailtireachta i gceist tráth ab fhaide anall agus bhain sé úsáid as ordhuille nó as teampara bán an-tanaí, é aireach i gcónaí mar gheall ar chúrsaí dearthóireacht agus uigeacht an dromchla. Tá an bhéim go seasta leanúnach ar an gciorcail ar cheann de na tréithe is suntasaí den ré trí scór bliain le saol na healaíne ag Scott; go deimhin, luaitear go seasann seisear fód an chiorcail chomh tréan agus a sheasann Albers fód na cearnóige. Ní haon ionadh dá bhrí sin gurb é an ciorcail atá ar an móitíf is luaithe agus is buaine ina chuid taipéisíochta chomh maith.